Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Márta 2018
(OR. en)

6932/18

LIMITE

INST 96
JUR 109
CODEC 343
JUSTCIV 55

**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0399 (COD)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 5705/17; ST 5705/17 ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 798 FINAL |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh<br>- Cur chuige ginearálta páirteach |

1. Ar an 14 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh - COM(2016) 798 final[1].

[1] Ar an dáta céanna, ghlac an Chomhairle Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 agus d'Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh - COM(2016) 799 final, arna cheartú dá éis sin mar COM(2016) 799 final/2. Déantar nóta I/A a thíolacadh go comhuaineach mar ST 6933/18 d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir leis an togra.

2. Sannadh an mionscrúdú ar an togra don mheitheal sin de chuid Chairde na hUachtaránachta ("Oiriúnú NIRG") lena mbaineann i gcomhréir le sainordú, a d'fhormhuinigh Coreper[2].

3. Ar an 25 Eanáir 2018 agus an 26 Feabhra 2018, bhí dhá chruinniú ag Meitheal Chairde na hUachtaránachta inar críochnaíodh an mionscrúdú ar an togra. Áiríodh leis an scrúdú na céimeanna seo a leanas: pléití a rinneadh ar leibhéal na Meithle, athdhréachtú ar an togra ón Uachtaránacht de dhroim thoradh na bpléití sin, agus, ar deireadh formhuiniú sealadach den athdhréachtú ar leibhéal na Meithle. Dá thoradh sin, bunaíodh téacs a léiríonn tacaíocht ó thoscaireachtaí de chuid Mheitheal Chairde na hUachtaránachta.

4. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, tá athdhréachtú ar an togra ón gCoimisiún (brollach, téarmaí achtúcháin agus Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an togra). Maidir leis an marcáil a úsáidtear, tá na hathruithe go léir ina bhfuil téacs nua a cuireadh isteach sa togra ón gCoimisiún i g**cló trom** agus na hathruithe uile ina bhfuil téacs a scriosadh sa togra ón gCoimisiún idir [...].

I ndáil le Gníomh 1 agus Gníomh 3, thoiligh Meitheal Chairde na hUachtaránachta an t-idirphlé breise a chur ar athló. Is de réir uimhreach a chuirtear na gníomhartha sin in iúl in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, maille lena dteideal, agus an téacs leasaitheach atá beartaithe idir […]. Beidh an méid sin faoi réir a phléite ag Meitheal Chairde na hUachtaránachta níos déanaí ag brath ar an athrú a bheidh déanta ar thograí a thiocfaidh ón gCoimisiún. Dá bhrí sin, níl Gníomh 1 agus Gníomh 3 in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún, agus ar cuireadh an t-idirphlé breise ar athló, cumhdaithe leis an gcur chuige ginearálta páirteach seo agus a chuirfear faoi bhráid Coreper agus na Comhairle ag tráth níos déanaí.

5. Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[2] ST 5707/17.

6. I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin atá beartaithe agus ní bheidh sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

7. Tá an Rialachán atá á mholadh faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Ar an 7 Feabhra 2018, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa cinneadh Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla tús a chur le cruinnithe tríthaobhacha ar an togra.

8. I bhfianaise an mhéid sin thuas, is mian leis an Uachtaránacht an togra, mar atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a chur faoi bhráid Coreper agus na Comhairle d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta páirteach maidir le dul i mbun cruinnithe tríthaobhacha.

**IARSCRÍBHINN**

2016/0399 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena ndéantar roinnt gníomhartha dlíthiúla lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tugadh isteach le Conradh Liospóin idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún chun gníomhartha a ghlacadh chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le gníomhartha de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur chun feidhme (gníomhartha cur chun feidhme).

(2) Na bearta a fhéadfar a chumhdach […] le **tabhairt** na gcumhachtaí, dá dtagraítear in Airteagal 290(1) **nó in Airteagal 291(2)** den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), comhfhreagraíonn siad […] dóibh sin a chumhdaítear leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a bunaíodh le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle[3].

(3) Maidir le tograí a rinneadh roimhe seo i dtaobh na reachtaíochta lena dtagraítear don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin, [4]tarraingíodh siar[5] iad mar thoradh ar an stad san idirbheartaíocht idirinstitiúideach.

(4) Ina dhiaidh sin, i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[6], tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le creat nua le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus d'aithin siad go raibh gá leis an reachtaíocht atá ann cheana a ailíniú leis an gcreat reachtach a tugadh isteach le Conradh Liospóin. D'aontaigh siad, go háirithe, faoin ngá atá le hardtosaíocht a thabhairt d'ailíniú pras ar na bunghníomhartha uile ina dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Gheall an Coimisiún go n-ullmhódh sé togra le haghaidh an ailínithe sin faoi dheireadh 2016.

(5) Comhlíonann na cumhachtuithe atá sna bunghníomhartha lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, comhlíonann siad na critéir in Airteagal 290 CFAE agus ba cheart iad a oiriúnú don fhoráil sin.

(6) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh, ar chuir an coiste in iúl cheana féin a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

---

3 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

4 COM(2013) 451 final, COM(2013) 452 final agus COM(2013) 751 final.

5 (2015/C 80/08), IO C 80, 7.02.2015, lch. 17.

6 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**(7)** **I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.**

**(8)** **I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.**

**(9)** Ba cheart, dá bhrí sin, na gníomhartha lena mbaineann a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn mar a leagtar amach inti iad.

*Airteagal 2*

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do nósanna imeachta atá ar feitheamh, ar chuir coiste cheana féin a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in
*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

**1. [Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála**[7]

Chun Rialachán (CE) Uimh.1206/2001 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh orthu. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Lámhleabhar";

(b) scriostar mír 2;

(2) cuirtear an tAirteagal 19a agus an tAirteagal 19b seo a leanas isteach:

[7] IO L 174, 27.6.2001, lch. 1.

*"Airteagal 19a*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19b lena leasaítear an Iarscríbhinn chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.";

*"Airteagal 19b*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19a a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19a a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19a i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 20.]

**2. Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe**[8]

Chun Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú agus chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an **13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr [...]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 mar a leanas:

---

**8** IO L 143, 30.4.2004, lch. 15.

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 31:

*"Airteagal 31*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31a a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta.";

(2) cuirtear isteach Airteagal 31a mar a leanas:

"*Airteagal 31a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 31 don Choimisiún go ceann **tréimhse cúig bliana** […] tar éis [theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 31 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach **an 13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr […]*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 31 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 32.

**3. [Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle[9]**

Chun Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a thabhairt cothrom le dáta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh orthu. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Dá réir sin, leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

9 IO L 324, 10.12. 2007, lch. 79.

"*Airteagal 17*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17a lena leasaítear Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.";

(2) cuirtear isteach Airteagal 17a mar a leanas:

"*Airteagal 17a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

___

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.";

(3) scriostar Airteagal 18.]

___